COMHAD FÍRICÍ:
EALAÍONA ÍOMHÁ GLUAISTE GCSE

Rewarding Learning

Sláinte agus Sábháilteacht

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- eolas a léiriú ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta le linn bheith ag obair ar scannánú scannáin agus an dóigh a gcuirtear iad seo i bhfeidhm.

Inneachar an Chúrsa

Agus obair ar Léiriú Scannán agus Físeán ar bun thig le guaiseacha teacht chun tosaigh de bharr an gá le daoine, trealamh agus suíomhanna a bhainistiú. D'fhéadfaí riosca drochghortaithe a bheith ann mura bhfuiltear cúramach. Ní fiú aon scannánú ar bith dul i mbaol gortaithe nó báis.

Mar sin de, sula dtéitear ar aghaidh le scannánú, tá sé tábhachtach go ndéanann tú dréacht de Mheasúnú Riosca. Ba chóir go ligfí sé seo duit:

- **Guaiseacha féideartha a shainaithint;**
- **Cinn ar cé a d'fhéadfaí a bheith gortaithe agus ar an dóigh a ngortófaí é: smaoinigh ar cé a d'fhéadfaí a bheith buailte agus orthu siúd atá i mbaol go háirithe;**
- **Luacháil na riosca dóchúla: smaoinigh ar an bhaol agus ar dhéine na díobhála a d'fhéadfaí gach guais a dhéanamh; agus**
- **Meas cé acu is dóiche go mbeadh riosca iarbhír ann ón ghuais sainaitheanta nó ní dóiche, agus más é, bearta a dhéanamh leis an toisc riosca sin a bhaint ar shiúl.**

Beidh difear sna rioscaí a chaithfidh tú a mheasúnú bunaithe ar do scannánú.
Agus scannánú taobh istigh ar bun le seastáin shoilsithe, soilse agus trealamh ceamara, beidh ort na réamhchúraimí seo a leanas a ghlacadh. Tá liosta fáthanna le gach réamhchúram ann fosta.

Réamhchúram	Fáth leis an réamhchúram
Cinntigh go bhfuil soilse agus ceamaraí ceangailte go daingean ar sheastáin agus nó ar thríchosaigh.	Cinnteoidh sé sin nach dtitfidh soilse nó ceamaraí dá seastáin le linn scannánaithe agus b'fhéidir, ag gortú baill den fhoireann agus ag déanamh damáiste do threalamh.
Cinntigh go bhfuil na soilse fad slí sábháilte ar shiúl ó do thaibhseoirí.	Lena chinntiú nach bhfuil aon riosca gortaithe ó sholas geal nó ó theas agus nach bhfuil riosca ann go leagfaidh do thaibhseoirí soilse ar bith le linn an scannánaithe.
Cinntigh go bhfuil cáblaí leictreacha uilig téipeáilte síos.	Cinnteoidh sé sin nach dtitfidh duine ar bith den fhoireann nó den chriú thar na cáblaí agus á ngortú iad féin nó ag déanamh damáiste don trealamh.
Cinntigh nach bhfuil doirse dóiteáin blocáilte.	Lena chinntiú go mbeadh slí amach dhíreach ón tseit nó ón tsuíomh ag gach ball foirne agus criú dá mbeadh tine nó éigeandáil eile ann.
Cinntigh nach bhfuil soicéid chumhachta ró-lódáilte.	Déantar seo lena chinntiú nach ndéanfar damáiste ar bith don trealamh agus nach mbeidh caillteanas cumhachta ann. Déanfar damáiste do fhiúsanna má chuirfear barraíocht réad leictreach i soicéad amháin agus méadóidh sé go mór an seans go mbeidh tine, pléascadh nó gortú leictreach ann.
Cinntigh go ligtear do shoilse fuarú sula bhogtar iad.	Déantar seo lena chinntiú nach ndónn ball ar bith den chriú é féin. Is féidir le soilse éirí thar a bheith te agus a bheith ina riosca tromchúiseach dá bharr. Cinnteoidh sé seo fosta nach mbeidh trealamh ar bith damáiste. Tá sé níos fusa ligean do shoilse te titim agus bíonn comhpháirteanna ríthábhachtacha amhail bolgáin níos laige agus níos sobhriste nuair a bhíonn siad te.

Agus scannánú taobh amuigh nó ar shuíomh ar bun beidh ort na réamhchúraimí seo a leanas a nótáil. Tá liosta fáthanna le gach réamhchúram ann fosta.

Réamhchúram	Fáth leis an réamhchúram
Cinntigh gur timpeallacht shábháilte é do shuíomh le scannánú ann.	D'fhéadfadh sé a bheith contúirteach scannánú a dhéanamh cóngarach de bhóthar gnóthach, abhainn nó ar shuíomh gnóthach tionsclaíoch.
Má tá contúirt shoiléir ann, déan bearta lena híoslaghdú nó má tá sé sin dodhéanta, roghnaigh suíomh eile.	Íoslaghdóidh sé seo dóchúlacht gortaithe i measc na foirne agus an chriú agus laghdóidh sé an dóchúlacht go ndéanfar damáiste don trealamh.
Cinntigh go bhfuil sé sábháilte scannánú a dhéanamh faoi na dálaí aimsire.	Má tá dálaí aimsire contúirteacha ann (m.sh. iomarca oighir, ró-ghaofar, ró-ghrianmhar nó fearthainn) is mó an riosca go ngortófaí an fhoireann agus an criú agus go ndéanfar damáiste don trealamh.
Cinntigh go bhfuil an cead ceart agat le bheith ag scannánú i do shuíomh.	Má tú ag scannánú ar réadmhaoin phríobháideach, beidh ort cead a fháil ón úinéir. Má tú ag scannánú sa phobal is féidir go mbeidh ort ceadanna áirithe a fháil. Ba chóir duit iad siúd a dhearbhú le do chomhairle áitiúil agus leis an stáisiún póilíní áitiúil.
Má tá aon rud beartaithe agat a d'fhéadfadh duine ar an tsráid a cheapadh mar ghníomh coiriúil (m.sh. buirgléireacht ionsamhlaithe nó gníomh foréigin) tá sé tábhachtach go gcuirfear seo in iúl don stáisiún póilíní áitiúil roimh do scannánú. Ba chóir duit fosta insint do dhuine ar bith sa cheantar máguaird faoin scannánú.	Íoslaghdóidh sé seo an seans de chur isteach ar an scannánú agus íoslaghdóidh sé fosta an fhéidearthacht d'imní i measc an phobail.
Má bhíonn soilse nó trealamh ceamara cumhachtaithe ag príomhlíonra in úsáid, caithfidh tú a chinntiú go gcoinnítear na cáblaí leictreacha ar shiúl ó uisce.	Is féidir le leictreamharú nó damáiste don trealamh tarlú le huisce ón fhearthainn nó uisce ó linnte in aice láimhe.

Má tá éacht ar bith i do scannánú, fiú más éacht simplí é nó mír ghnímh éigin, tá sé an-tábhachtach go ndéanann tú na rioscaí féideartha a mheas agus bearta a chur i gcrích le contúirtí gan ghá a sheachaint.

Tá sé dodhéanta liosta iomlán cuimsitheach de shamplaí féideartha a liostáil ach tá cásanna scannánaithe féideartha sa liosta seo a leanas agus na réamhchúraimí a dtiocfadh leat a ghlacadh leis an riosca a íoslaghdú. Tá liosta fáthanna le gach réamhchúram ann fosta.

Réamhchúram	Sampla	Fáth leis an réamhchúram
Má tá fearas stáitse in úsáid a d'fhéadfadh a bheith contúirteach ba chóir duit é a dhéanamh sábháilte nó cóip neamhdhíobhálach a úsáid.	Má bhíonn gá i do scannán le scian a úsáid ar dhóigh ar bith a bheadh contúirteach ba chóir duit cóip den fhearas stáitse sin atá níos sábháilte a aimsiú dá leithéid radhairc. D'fhéadfadh gur fearas stáitse amharclainne a bheith ann nó fíor scian a maolaíodh go proifisiúnta.	Dá bhféadfadh le réad dochar a dhéanamh dá láimhseálfaí é go mícheart b'fhéidir mar sin go mbeadh sé éigríonna é a úsáid sa scannánú. Ba chóir go mbeadh tús áite ag an tsábháilteacht i gcónaí.
Úsáid leachtanna agus/nó maisíochtaí smididh.	Má bhíonn gá le fuil bhréagach a úsáid i do scannán ba chóir duit a dhéanamh cinnte de go bhfuil leacht cuí sábháilte in úsáid agat. Ba chóir duit a dhéanamh cinnte de go gcoinnítear cosán nó dromchla ar bith saor ó leachtanna nó go bhfuil bearta coisctheacha in áit le cosc a chur ar dhaoine titim ar dhoirteadh dá leithéid.	Fuil bhréagach nó smideadh speisialta a chaithfear a chur ort, níor chóir go mbeadh siad déanta de shubstaint ar bith atá fiú rud beag aigéadach nó a dhéanfadh dochar don chraiceann, nó na súile. Is féidir go mbeadh leachtanna agus comhdhúile inlasta olabhunacha ina riosca dóiteáin agus go mbeadh gortú ann dá mbarr. Le cosc a chur ar dhaoine titim ba chóir go gcoinnítear urláir agus dromchlaí saor ó leachtanna.
Úsáid trealamh ceamara uiscedhíonach.	Úsáid an Cheamara ar an uisce nó faoi, m.sh. baineann cuid den scannánú le haicsin a scannánú le ceamara atá tumtha.	Riosca leictreamharaithe agus an dóchúlacht go ndéanfar damáiste don trealamh.

Foirm Shamplach do Mheasúnú Riosca

Seo foirm shamplach do mheasúnú riosca do scannánú. Sa tsampla seo, caithfidh ceamaradóir túr scafaill saintógtha a úsáid mar ardán ceamara.

Guaiseacha	Cé atá faoi riosca	Réamhchúraimí	Déine gortaithe	Seans gortaithe	Riosca	Bearta Smachtaithe
Titim ó airde.	Ceamaradóir.	Thóg conraitheoir ceadúnaithe scafall de réir treoirlínte na hearnála agus an rialtais. Tá ráillí cosanta, lár-ráillí agus coschláir in áit.	Tromchúiseach.	Íseal.	Íseal.	Tá rochtain ar an ardán teoranta don cheamaradóir. Treoraíodh an ceamaradóir gan a bheith ag cromadh thar na ráillí, nó seasamh orthu nó a bheith ina luí orthu.
Réada ag titim.	An criú agus daoine ag dul thart ar leibhéal an talaimh.	Tá coschláir curtha isteach.	Tromchúiseach.	Íseal.	Íseal.	Tá an trealamh uilig greamaithe den scafall. Ní cheadaítear aon réad air atá scaoilte. Tá bacainn agus comharthaí rabhaidh ann le rochtain a theorannú.
An scafaill ag titim.	An criú agus daoine ag dul thart ar leibhéal an talaimh.	Tá an scafall curtha in airde agus déantar iniúchadh rialta air ag conraitheoir ceadúnaithe.	Tromchúiseach.	Íseal.	Íseal.	Rinneadh seic ar an scafall sular úsáideadh é. Níl an scafall le húsáid nuair a bhíonn drochaimsir ann.

© CCEA 2019